Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

24 Eanáir 2019

San eagrán seo:

- Nuachtlitir Úrnua ar Riachtanais Speisialta Oideachais
- Comórtas - duais iontach le buachan!
- Coiste Comhairleach Gaeloideachas ar RSO
- An gá le taighde maidir le RSO sna naíonraí
- Comhdháil ar Riachtanais Speisialta Oideachais
- An bhfuil an t-oideachas lán-Ghaeilge oiriúnach do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu?
- Smaointe don Seomra Ranga
- Cruinniú an-dearfach le CNOS
- Leithdháileadh Acmhainní
- ...agus rud amháin eile!

Fáilte chuig an gcéad eagrán dár nuachtlitir úrnua ar Riachtanais Speisialta Oideachais

Fáilte romhaibh chuig an gcéad eagrán de nuachtlitir Gaeloideachas atá dírithe go hiomlán ar riachtanais speisialta oideachais sa chóras lán-Ghaeilge.

Is réimse oideachais é seo atá ag síorfhorbairt agus a bhfuil naíonraí agus scoileanna ag tabhairt an-suntais dó le cinntiú go bhfuil siad ag freastal mar is

mar aon le CNOS (NCSE) agus páirtithe eile thar bhur gceann le tacaíochtaí cuí cothroma a chinntiú don earnáil. Tá súil againn breis eolais a roinnt libh gach téarma ar shaincheisteanna a bhaineann go dlúth le riachtanais speisialta oideachais, uasdátaithe ó Choiste Comhairleach Gaeloideachas ar riachtanais speisialta oideachais agus eolas maidir le taighde agus acmhainní úsáideacha a scaipeadh. Tá súil againn go mbainfidh sibh tairbhe is taitneamh as.

Comórtas

Ba mhaith linn deis a thabhairt daoibhse, léitheoirí an chéad eagráin, **ainm a roghnú don nuachtlitir seo**. Má tá aon mholtaí cruthaitheacha fuinniúla agat, brúigh ar an gcnaipe thíos len'iad a chur ar aghaidh. Tá **duais den scoth** le bronnadh againn ar bhuaiteoir an chomórtais - dhá thicéad le freastal ar ár gcomhdháil lae ar RSO le lón san áireamh. Is é an spriocdháta don chomórtas ná **25 Feabhra 2019**.
Tapaigh an deis!

Comórtas

Coiste Comhairleach Gaeloideachas ar RSO

Tá coiste comhairleach curtha le chéile ag Gaeloideachas le clár oibre na heagraíochta i réimse na riachtanas speisialta oideachais a threorú. Tá neart idir lámha ag an ngrúpa seo a bhfuil sé mar phríomhsprioc acu **feasacht i leith RSO san earnáil a ardú móide stocaireacht a dhéanamh ar son seirbhísí tacaíochta agus acmhainní cuí**. I measc shainchúraimí an choiste seo, áirítear:

- **riachtanais** pháistí le RSO sa chóras lán-Ghaeilge, agus na struchtúir thacaíochta le dul i ngleic le dúshláin;
- **feasacht** a ardú i measc lucht déanta beartais maidir le páistí le RSO agus **struchtúr tacaíochta cuí** do scoileanna agus a gcuid pobail;
- **réimsí oiliúna** de dhíth ag an earnáil agus saineolaithe feiliúnacha a aithint;
- **bunachar sonraí** a fhorbairt de **shaineolalaithe agus cleachtóirí** móide **taighde** ábhartha san earnáil ar réimsí leathan ábhair;
- **pleanáil agus reáchtáil seimineár agus comhdhálacha RSO**, i gcomhar le páirtnéirí eile;
- **aighneachtaí** a ullmhú don ROS agus don Chomhchoiste Oideachais i leith riachtanais agus dúshláin na hearnála.

Is iad seo a leanas baill reatha an Choiste Chomhairligh:

- Clodagh Ní Mhaoilchiaráin, Príomhoide Gaelscoil Bhaile Brigín (**Cathaoirleach**)
- Anna Ní Chartúir, Scoil Sailearna
- Bláthnaid ní Ghréacháin, Gaeloideachas
- Ciara Ní Bhroin, Gaeloideachas
- Máire Ní Mhaoileoin, Scoil Neasáin

- Ríona Ní Shúilleabháin, Gaelscoil Bhaile Brigín

An gá le taighde maidir le RSO sna naíonraí

Tuigtear dúinn, agus Gaeloideachas ag cur tacaíochtaí ar fáil do naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht ó 2014, gur minic a bhíonn na ceisteanna céanna ag tuismitheoirí agus múinteoirí naíonra maidir le riachtanais speisialta oideachais is a bhíonn agus na paistí in aois scoile. **An bhfuil an naíonra feiliúnach do pháiste le RSO? Conas is fearr tacú leo sa chóras luath-thumoideachais?**

Tá an-easpa taighde ar fáil sa réimse seo, faraor. Ach de réir a chéile tá aitheantas níos mó á thabhairt do thábhacht an luath-oideachais, agus méadú dá réir ar thacaíochtaí agus taighde.

In 2016, cuireadh tús leis **an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM)** le cinntiú gur féidir le gach páiste incháilithe don chlár ECCE bheith iomlán rannpháirteach ann. Tá tacaíochtaí ag leibhéil éagsúla ar fáil tríd an scéim seo. I measc na dtacaíochtaí uilíocha tá forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí naíonra, ach faoi láthair is i mBéarla amháin atá seo ar fáil do naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht. Tá stocaireacht leanúnach ar bun ag Gaeloideachas ar an gceist seo, ag éileamh go mbeadh gach oiliúint a chuirtear ar fáil do mhúinteoirí luathbhlianta ar fáil i nGaeilge chomh maith, agus go ndéanfaí cláir a dhearadh a oireann do shuíomhanna luath-thumoideachais.

I measc na dtacaíochtaí dírithe atá ar fáil do naíonraí trí AIM, tá meantóireacht

atá déanta acu ó 2015, nuair a bunaíodh an tseirbhís. Tá ionadaí acu ar Fhochoiste na Luathbhlianta lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, atá mar chuid d'Fhóram Náisiúnta na Luathbhlianta, agus tá tuiscint á forbairt acu ar riachtanais na naíonraí dá réir. Tá ranganna Gaeilge ar bun ag an bhfoireann le cur lena gcumas freastal ar na naíonraí trí Ghaeilge, agus tá speisialtóir luathbhlianta fostaithe leo anois le taithí na mblianta aici ar obair an naíonra. Tús maith atá ann!

Léiríonn na staitisticí a chuir naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht ar fáil do Gaeloideachas, áfach, go bhfuil an céatadán de pháistí le RSO a fhreastalaíonn ar naíonraí i bhfad faoi bhun an mheáin. Don naíonrabhliain 2017-18, léirigh an 130 naíonra lasmuigh den Ghaeltacht a chuir staitisticí ar fáil do Gaeloideachas go raibh 4,306 leanaí ag freastal orthu, agus astu siúd, go raibh riachtanais speisialta oideachais ag 140 acu, sin 3.25% den iomlán. **Léiríonn staitisticí POBAL don tréimhse chéanna gurb é 7% an meán náisiúnta**. Tá aighneacht curtha ag Gaeloideachas faoi bhráid POBAL ag iarraidh go ndéanfaí na staitisticí a bhailíonn siad a scagadh de réir teanga na seirbhíse, agus tá súil againn amach anseo go mbeidh pictiúr níos iomláine den earnáil ar fáil dá réir.

Tá abhcóideacht leanúnach ar bun ag Gaeloideachas ar son cothrom na féinne a bhaint amach do naíonraí, le go ndéanfaidh na forais Stáit agus eagraíochtaí deonacha maoinithe ag an Stát freastal cuí orthu. Tá tacaíocht do pháistí le RSO, dá múinteoirí agus dá dtuismitheoirí riachtanach le go mbeidh an earnáil luathbhlianta lán-Ghaeilge in ann oideachas agus cúram den chéad scoth a chur ar fáil do gach páiste. Ba mhór linn cloisteáil ó naíonraí maidir lena dtaithí sa réimse seo, le go ndéanfaí freastal níos fearr ar a gcuid riachtanas. Más múinteoir naíonra thú le saineolas le roinnt nó saincheist maidir le RSO sa naíonra, bheadh an-fháilte romhat teagmháil a dhéanamh le clare@gaeloideachas.ie.

Comhdháil ar Riachtanais Speisialta Oideachais

Sábháil an Dáta! Beidh comhdháil lae ar RSO sa bhunscoil agus san iar-bhunscoil lán-Ghaeilge agus Gaeltachta á reáchtáil againn in **Óstán an Mullingar Park** ar an **4 Aibreán 2019**.

Tá súil againn tógáil ar an gcéad chomhdháil RSO a réachtáladh in Institúid Oideachais Marino anuraidh agus ócáid fhiúntach spreagúil a chur ar siúl arís. Beidh painéal saineolaithe linn arís lena gcuid eolais, taighde agus dea-chleachtais a roinnt ar an lá. Foghlaimeoidh toscairí maidir leis **an taighde is nua sa réimse seo agus conas a chinntiú go bhfuil an scoil ag freastal ar riachtanais scoláirí** le disléicse, uathachas, dioscalcúile agus riachtanais eile go héifeachtach agus i mbealach cuimsitheach uileghabhálach. Beidh go leor smaointe agus leideanna praiticiúla ag múinteoirí agus príomhoidí tar éis na comhdhála a bheas siad in ann a úsáid ina scoileanna féin. Cuir an dáta sa dialann anois! Níl an clárúchán oscailte don chomhdháil go fóill. Breis eolais le teacht.

Éist le tuairimí tuismitheora, múinteora agus príomhoide ar oiriúnacht an chórais lán-Ghaeilge do pháistí a bhfuil RSO acu

An bhfuil an t-oideachas lán-Ghaeilge oiriúnach do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu?

Is ceist choitianta í seo a bhíonn ag tuismitheoirí agus cúramóirí agus iad ag roghnú scoile dá bpáistí. Freagraítear an cheist seo agus níos mó i bhfíseán atá curtha le chéile ag Gaeloideachas ar RSO sa bhunscoil lán-Ghaeilge. An bhfuil sé feicthe agat? Tá sé le feiceáil ar Youtube anseo.

Tá físeáin eile a cuireadh le chéile ag an oíche eolais dírithe ar thuismitheoirí níos túisce sa bhliain anseo. Pléitear na ceisteanna seo a leanas iontu: **An féidir le mo pháiste a bhfuil RSO aige/aici freastal ar naíonra nó scoil lán-Ghaeilge? An bhfuil sé níos fearr do mo pháiste le neamhord forbartha teanga freastal ar scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla?**

Tá na físeáin seo iontach le roinnt ar thuismitheoirí agus ar bhur gcuntas meán sóisialta le feasacht a ardú i leith na gceisteanna fíorthábhachtacha seo.



Smaointe don Seomra Ranga

Bhí an-éileamh ar na ceardlanna dírithe ar RSO ag Tionól Forbartha 2018 in Óstán an Clayton, Gaillimh. Dhírigh Deirdre Nic Gabhann, Gaelscoil Riabhach, ar an **disléicse sa bhunscoil** lán-Ghaeilge i gceardlann darb ainm ***Disléicse sa bhunscoil-cad le déanamh***? Roinneadh eolas maidir le straitéisí praiticiúla, acmhainní úsáideacha agus rinneadh cur síos ar sheomraí ranga a thacaíonn le páistí a bhfuil disléicse acu le linn na ceardlainne. Is féidir na sleamhnáin Powerpoint a íoslódáil thíos.

Is é an Dr Ruaidhrí Ó Béarra ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), a bhí ag éascú na ceardlainne ar **riachtanais speisialta oideachais san iar-bhunscoil**. Pléadh an Disléicse, Neamhord Comhordaithe Forbartha (Diospraicse) agus Uathachas ach go háirithe lena linn agus roinneadh eolas maidir leis an idirdhealú agus socruithe réasúnta sa rang. Is féidir cur i láthair Ruaidhrí a íoslódáil anseo.

Disléicse sa bhunscoil-cad le déanamh?

Riachtanais Speisialta Oideachais san Iar-bhunscoil

Cruinniú an-dearfach leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)

Bhí **cruinniú an-dearfach** ag toscaireacht de chuid Gaeloideachas le CNOS faoin earnáil lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta roimh an Nollaig. Ag eascairt as

lán-Ghaeilge agus le cinntiú go bhfuil a gcuid dualgas reachtúil á gcomhlíonadh. Táthar ag súil go mbeidh breis eolais faoin gcóras lán-Ghaeilge curtha isteach in **ábhar bolscaireachta** CNOS amach anseo. Beidh **bileog eolais** á heisiúint go luath do thuismitheoirí mar chomhthogra idir an dá eagras. Tá Príomhfheidhmeannach agus Bainisteoir Sinsearach de chuid CNOS ag teacht ar cuairt chuig Gaelscoil Bhaile Brigín an tseachtain seo le foghlaim faoi na seirbhísí a chuirtear ar fail trí mheán na Gaeilge don pháiste le RSO, ranganna speisialta ina measc. Coinneofar ar an eolas sibh faoi na forbairtí uile seo.

Leithdháileadh Acmhainní

Ag tús mhí Eanáir chuir Gaeloideachas aighneacht faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le leithdháileadh acmhainní RSO ag an mbunleibhéal. Is féidir an aighneacht ina hiomláine a léamh thíos. Is cúis díomá nach bhfuair an eagraíocht / earnáil lán-Ghaeilge cuireadh chuig an gcruinniú a bhain leis an iar-bhunleibhéal. Tá aiseolas lorgtha i leith an mhúnla don iar-bhunleibhéal agus iarrtha ar an ROS go gcuirfear an eagraíocht agus an earnáil san áireamh agus cruinnithe á reáchtáil amach anseo.

Ag eascairt as aiseolas ó na scoileanna ar an múnla don bhunleibhéil, ardaíodh na pointí ginearálta seo a leanas:

- Bhí na **roghanna róchasta** leis an bhfeidhmiú praiticiúil a thuiscint.
- Mura bhfuil **stádas oifigiúil DEIS** ag scoil, in ainneoin an-chuid míbhuntáiste sa scoil agus sa cheantar, tá fulaingt bhreise i gceist ó thaobh an liúntais de.
- Ó thaobh **riachtanais chasta**, níl sé ceart ná cóir nach dtógfaí na measúnaithe príobháideacha san áireamh. Níl aon rogha ag tuismitheoirí, faraor, ach measúnú príobháideach a fháil. Tuairiscíonn go leor scoileanna go bhfuil leanaí ar liostaí feithimh do OT le blianta.
- **Níl dóthain síceolaithe oideachais ar fáil** leis an tuiscint agus an saineolas cuí ar chur chuige na hearnála lán-Ghaeilge agus riachtanais na bpáistí sna córais sin. Dá réir, **níl na riachtanais á mbreithniú go cruinn cothrom ná go cuimsitheach**. Is iondúil go mbíonn ar thuismitheoirí dul i muiníne seirbhís phríobháideach i ngeall ar an easnamh sa chóras poiblí. Ní ceist í seo a bhaineann le hacmhainneacht an tuismitheora íoc as seirbhís phríobháideach, baineann sé le brú agus imní millteanach ar thuismitheoirí faoina bpáistí a bheith ar liosta feithimh fada, agus in amanna do sheirbhís nach féidir freastal ar riachtanais an pháiste sin, cur i gcás an chainteora dúchais Gaeilge.

Aighneacht Gaeloideachas

Scríbhneoirí á lorg againn

An bhfuil suim nó saineolas agat i réimse na riachtanas speisialta oideachais? An bhfuil dea-chleachtas in úsáid i do naíonra nó scoil gur mhaith leat a roinnt leis an bpobal? Más ea, ba mhaith linn cuireadh a thabhairt duit alt gearr a scríobh sa chéad eagrán eile den nuachtlitir seo. Is ailt ghairide atá uainn ar réimse leathan ábhar - conas a chinntíonn do scoil/naíonra go bhfuil timpeallacht fháilteach chuimsitheach ann? Céard iad na hacmhainní/stráitéisí atá in úsáid agat le páistí a bhfuil RSO acu? An bhfuil leideanna agat le tabhairt do thuismitheoirí maidir le conas tacú lena bpáistí sa chóras lán-Ghaeilge? Déanfar profáil ar chuile alt sula scaipfear é go poiblí.

Cuir ríomhphost chuig Ciara Ní Bhroin **ciara@gaeloideachas.ie** má tá smaoineamh nó moladh ar bith agat.

Glac síntús le nuachtlitreacha eile Gaeloideachas

eolas@gaeloideachas.ie I 01-8535195

Tá an nuachtlitir seo á fáil agat de bharr go bhfuil tú cláraithe ar liosta seachadta Gaeloideachas le ceann dár nuachtlitreacha eile a fháil. Ag aon phointe gur mhaith leat gan an nuachtlitir seo nó aon cheann de na nuachtlitreacha eile a fháil is féidir leat díchlárú tríd an gcnaipe "Díchláraigh ón liosta seo" ag bun na nuachtlitreach a bhrú.

Copyright © 2019 GAELOIDEACHAS, All rights reserved.

díchláraigh ón liosta seo